An Roinn Oideachais agus Scileanna,
Rannóg Oideachais Múinteoirí,
Cor na Madadh,
Baile Átha Luain,
Co. na hIarmhí.

Department of Education and Skills,
Teacher Education Section,
Cornamaddy,
Athlone,
Co Westmeath.

***Imlitir 0002/2014***

**Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Scoileanna Pobail agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhfheidhmeannaigh na mBord Oideachais agus Oiliúna**

# Clár Teastais/Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach do Mhúinteoirí ag obair le Scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird Speictrim Uathaigh)

1. **An Clár 2014/2015**

   Tá Coláiste San Aingeal, Sligeach, (Coláiste de chuid Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (OÉG), ag tairiscint Clár Teastais/Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird Speictrim Uathaigh) (NSUanna) i gcomhair leis an tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (STOS) do mhúinteoirí scoláirí le Neamhoird Speictrim Uathaigh. Faoi réir na gclár atá á sholáthar ag an gcoláiste, beidh an clár seo creidiúnaithe ag OÉG, agus bronnfar Teastas/Dioplóma Iarchéime isan Oideachas Speisialta (NSUanna) mar thoradh air.

2. Beidh suas le **25** áit le fáil ar an gclár don bhliain 2014/2015

3. **Aidhm agus Ábhar**

   Beidh sé d'aidhm ag an gclár eolas, tuiscint agus scileanna na múinteoirí a fhorbairt agus iad ag obair le scoláirí le neamhoird speictrim uathaigh agus, ar an gcaoi sin, cur le cumas na scoile ar an iomlán sa réimse seo.

   Bronnfaidh OÉG cáilíochtaí ar rannpháirtithe a chríochnaíonn an chláir go rathúil. Déanfar measúnú ar rannpháirtithe ar bhonn **freastal iomlán** ar an gclár, críoch buacach na dtasc roghnaithe agus tionscnaimh scríofa, i dteannta lena gcuid oibre i scoileanna. Déanfar machnamh ar iarratais ar **aitheantas** don réamhfhoghlaim (**ADR/*RPL***) faoi pholasaithe agus nósanna imeacht ADR an Choláiste. Déanfar machnamh sa chomhthéacs seo ar chúrsaí STOS ábhartha i bhfoghlaim agus teagasc scoláirí le NSUanna. Tá sonraí breise le fáil d'iarratasóirí ó Choláiste San Aingeal, Sligeach ar a shuíomh gréasáin ag at www.stangelas.nuigalway.ie agus ón tSeirbhís Tacaíochta Oideachais Speisialta (STOS). Suíomh Gréasáin : www.sess.ie

## 4. Fad agus Eagraíocht

Is clár forbartha proifisiúnta é an Teastas Iarchéime/Dioplóma Iarchéime seo gur féidir a fháil thar tréimhse uasta de dhá bhliain. Tá ceithre mhodúl sa chlár, mar seo a leanas:

*Teastas Iarchéime*

- **Modúl a haon (Modúl Croíláir) -** Neamhoird Speictrim Uathaigh a thuiscint

  ***Agus***

- **Modúl a dó –** Measúnú, Pleanáil, Feidhmiúcháin agus Rochtain Churaclaim

  ***Nó***

- **Modúl a trí** – Modhanna Teagaisc.

*Dioplóma Iarchéime*

- **Modúl a haon** - Neamhoird Speictrim Uathaigh a thuiscint
- **Modúl a dó** - Measúnú, Pleanáil, Feidhmiúcháin agus Rochtain Churaclaim
- **Modúl a trí** - Modhanna Teagaisc
- **Modúl a ceathair** - Féin-bhainistíocht agus Iompraíocht

Ar chríochnú Modúl 1 (Croílár) agus 2 **nó** 3, i dteannta le críochnú rathúil obair riachtanach an chúrsa agus thréimhse chleachtaigh cuí tuillfear **Teastas Iarchéime** I Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird Speictrim Uathaigh). Nuair a chríochnófar an dá mhodúl breise i dteannta leis an obair chúrsa riachtanach bronnfar **Dioplóma Iarchéime** i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSUanna). Is féidir le rannphháirtithe a chríochnaíonn leibhéal an Teastais dul ar aghaidh chuig leibhéal an Dioplóma agus, ar an leibhéal sin a chríochnú go rathúil, bronnfar Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSUanna) orthu.

Ní gá go mbeadh ar rannphháirtithe na modúil aonair a chríochnú ceann i ndiaidh a chéile. Ach caithfear gach cuid de gach modúl a bheith críochnaithe laistigh de thréimhse leantach dhá bhliain.

Beidh gá le scaoileadh ón scoil ar feadh ar a laghad ocht lá déag (Teastas) go tríocha a seacht lá (Dioplóma) le linn na tréimhse dhá bhliana don chlár.

Beidh ar iarratasóirí rathúla freastal ar ionad lárnach ar 5 Shatharn ar a laghad.

Tá cuairteanna ranga ó STOS agus ó phearsanra San Aingeal d'fhonn tacaíocht a sholáthar agus measúnú a dhéanamh ar thréimhse chleachtaigh, faoi seach, mar chuid riachtanach den chlár.

5. **Cáilitheacht**

**Tabhair faoi deara go gcaithfidh gach múinteoir a bheith cláraithe faoi réir Ailt 31 den Acht um Chomhairle Mhúinteoireachta, 2001. Féach ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie do bhreis eolais.**

Tá an clár seo ann do mhúinteoirí cláraithe a bhfuil post acu, faoi láthair, maoinithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus atá ag obair faoi láthair le scoláirí le Neamhoird Speictrim Uathaigh (NSUanna) nó a bheidh ag obair le scoláirí le NSU le haghaidh faid an Chláir i mBunscoileanna aitheanta, agus Scoileanna Speisialta agus scoileanna Iar-Bhunoideachas aitheanta san áireamh. **Dearadh an clár go speisialta chun cuidiú le múinteoirí riachtanais foghlama agus múinteoireachta na scoláirí le NSUanna a shásamh**. Mar sin, ní mór d'iarratasóirí ionchasacha ról múinteoireachta a bheith acu maidir le scoláirí le NSUanna.

**Ba chóir d'iarrthóirí a nótáil go bhfuil fianaise ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith curtha i gcrích riachtanach le páirt a ghlacadh sa chúrsa.**

(a) **Bunscoileanna:**

**Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin, nó litir Dheimhniú Clárúcháin[1] ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur isteach, nuair atá foirm iarratais á sheoladh isteach acu (féach an fonóta thíos). Má tá an réimse "Earnáil/Earnálacha Oideachais" folamh, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí cuí acu le múineadh in earnáil an oideachais bunscoile príomhshrutha nó le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an bhunoideachais.**

Ba chóir go mbeadh a dtréimhse phromhaidh curtha i gcrích go rathúil ag iarrthóirí ó Bhunscoileanna.

(b) **Iarbhunscoileanna:**

**Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó litir Dheimhniú Clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur isteach, nuair atá foirm iarratais á sheoladh isteach acu (féach fonóta thíos). Má tá an réimse "Earnáil/Earnálacha Oideachais" folamh, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí cuí acu le múineadh in earnáil an oideachais iarbhunscoile príomhshrutha nó le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an iarbhunoideachais.**

**Ba chóir d'iarrthóirí ó Iar-Bhunscoileanna a bhFostaíocht Iar-Cháiliúcháin (*PQE*) a bheith críochnaithe go rathúil acu.**

(c) **Scoileanna Speisialta**

**Beidh ar oidí cóip dá dTeastas Clárúcháin nó Litir Dheimhniú Clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta a chur isteach nuair atá foirm iarratais á sheoladh isteach acu (féach fonóta thíos). Má tá an réimse "Earnáil/Earnálacha Oideachais" folamh, beidh ar oidí fianaise a sholáthar go bhfuil cáilíochtaí cuí acu le múineadh in earnáil an oideachais bunscoile nó iarbhunscoile príomhshrutha nó le scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais nó scoláirí a bhfuil Tacaíocht Foghlama de dhíth orthu a mhúineadh in earnáil an bhunoideachais nó an iarbhunoideachais nó le múineadh i suíomhanna scoile speisialta.**

[1] Tá an Litir Dheimhniú Clárúcháin ar fáil le híoslódáil ón Áis Logála Isteach mar Mhúinteoir Cláraithe ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta www.teachingcouncil.ie

Ní mór d’iarrthóirí ó Scoileanna Speisialta an tréimhse phromhaidh a bheith slánaithe go rathúil acu.

Ní mór do mhúinteoirí atá ag glacadh páirt sa chlár seo leanúint de ról múinteoireachta a bheith acu maidir le scoláirí le NSUanna fad a mhaireann an clár. Moltar freisin go ndéanfaidh bainistíocht na scoile gach iarracht deimhin a dhéanamh de go leanann scoláirí le NSUanna ag baint tairbhe as eolas agus saineolas an mhúinteora sa réimse seo, trí ranganna do scoláirí le NSUanna a dháileadh ar mhúinteoirí a chríochnaigh an clár seo go rathúil. D’fhéadfadh **cleachtais chomhoibríocha**, ar nós teagasc foirne, a bheith mar chuid de na socruithe sin.

## 6. Iarratais agus Roghnú

Tá Foirm Iarratais i dteannta leis an Imlitir seo le líonadh ag múinteoirí a bhfuil suim acu sa chlár agus atá incháilithe le páirt a ghlacadh ann.

De ghnáth, ní ghlacfar le hiarratais ó níos mó ná múinteoir amháin in aghaidh na scoile a shásaíonn na riachtanais a luaitear san Imlitir **seo**.

***Tábhachtach***

Ba chóir do mhúinteoirí incháilithe a bhfuil tacaíocht acu óna n-údaráis scoile agus a dteastaíonn uathu bheith tógtha san áireamh le haghaidh iontrála don Chlár a gcuid iarratas a chur chuig **Comhordaitheoir an Chláir, Teastas/Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSUanna), Ionad um Riachtanais Speisialta Oideachais, Cuimsitheacht agus Éagsúlacht, Coláiste San Aingeal, Loch Gile, Sligeach,** le bheith faighte tráth nach déanaí ná an **28 Feabhra 2014.**

Ní bheidh ar iarratasóirí don chlár seo dul faoi agallamh.

**Caithfidh táille riaracháin de €25 (nach féidir a aisíoc) a bheith i dteannta le gach iarratas. Moltar d’iarratasóirí fianaise poist a choimeád.**

## 7. Maoiniú

Tá gach eilimint laistigh de gach modúl maoinithe ag Rannóg Oideachais Múinteoirí na Roinne Oideachais agus Scileanna tríd an STOS.

**Beidh iarratasóirí freagrach as táille €300 in aghaidh an mhodúil a íoc** agus eiseoidh Coláiste San Aingeal sonrasc chuig iarratasóirí faoi réir pholasaí reatha an Choláiste. Maidir leis seo, dírítear d’aird freisin ar Scéim Aisíoca Táille an Mhúinteora. Tá sé d’aidhm ag an scéim seo maoiniú a sholáthar do chostas táillí chúrsaí agus scrúduithe a bhíonn ar mhúinteoirí Bunscoile agus Iar-Bhunscoile nuair a chríochnaíonn siad, go rathúil, cúrsaí forbartha gairme atá ceadaithe ag an Roinn agus ag údaráis na scoile. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag http://www.mie.ie/refundoffees/

## 8. Taisteal agus Cothabháil

Beidh soláthar ann do thaisteal agus cothabháil d’aon cheann d’eilimintí aghaidh-le-haghaidh an chláir faoi réir rátaí na Rannóige Oideachais Múinteoirí.

## 9. Saoire Phearsanta Bhreise

Ní cheadófar aon saoire phearsanta bhreise maidir le freastal ar an gClár.

## 10. Ionadaíocht

Ceadófar ionadaíocht, nach mór a bheith ceadaithe ag údarás bainistíochta na scoile/BOO. Ní mór an ionadaíocht a bheith riachtanach chun tréimshí neamhláithreachta ceadaithe an oide ó dhualgas teagaisc chun freastal ar an gcúrsa a chlúdach. Ní mór don scoil cáipéisíocht on STOS/coláiste a shonraíonn na sonraí neamhláithreachta a choinneáil.

**11. Socruithe Tuarastail**

Leanfaidh na múinteoirí uilig atá scaoilte óna scoil faoi théarmaí an Chláir ag fáil tuarastail sa gnáthshlí.

**12. Liúntais**

Tabhair faoi deara, led thoil, nach mbeidh aon teidlíocht do luach saothair breise ón Roinn Oideachais agus Scileanna mar thoradh ar chríoch rathúil an chláir seo.

**13. Clár Máistreachta**

Tá siad siúd a chríochnaíonn go rathúil an Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSUanna), agus a shásaíonn na riachtanais cuí, i dteideal dul ar aghaidh go MA i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSUanna) ag Coláiste San Aingeal. Tá breis eolas le fáil ar an gClár MA i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSUanna) i gColáiste San Aingeal ar shuíomh gréasáin San Aingeal: www.stangelas.nuigalway.ie.

Eddie Ward
Príomhoifigeach

Eanáir 2014

# AGUISÍN A

***Teastas/Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird Speictrim Uathaigh) 2014-2015***

## Eilimintí na Modúl

| | | |
|---|---|---|
| Modúl a haon | NSU a Thuiscint | ▪ Lá Tionscnaimh<br>▪ STOS - Cúrsa Tionscnaimh 4 lá<br>▪ Dearcadh Céadfach, Luaileach agus Gaoil an linbh le NSU<br>▪ Uathachas a Thuiscint (ar líne)<br>▪ NSU agus Riachtanais ag Comhtharlú<br>▪ Cuairt ar Rang (Foireann Comhairle STOS: NSU)<br>▪ Socrúchán |
| Measúnú | Iniúchadh Gairmiúil | |
| Modúl a dó | Measúnú, Pleanáil agus Rochtain Churaclaim | ▪ *ABBLS agus VB MAPP*<br>▪ *PEP3 nó T-TAP*<br>▪ Pleanáil Aonaraithe<br>▪ Rochtain ar an gCuraclam<br>▪ PECS<br>▪ Lámh<br>▪ TEACCH (2 lá)<br>▪ Cuairt ar Rang (Foireann Comhairle STOS: NSU) |
| Measúnú | Cas-staidéar | |
| Modúl a trí | Modhanna Teagaisc NSU | ▪ Anailís Iompraíochta Fheidhmeach (ar líne)<br>▪ Traenáil Scéalta Sóisialta<br>▪ TEACCH (5-lá)<br>▪ Forbairt Teanga agus Cumarsáide do Dhaltaí le NSU (Hanen)<br><br>Déantar na roghanna seo a leanas a thairiscint sa mhodúl seo agus ní mór do rannpháirtithe **dhá cheann** a roghnú ón liosta seo a leanas<br>▪ Am ar Urlár<br>▪ Meabharshláinte<br>▪ Aistriú<br>▪ Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta<br>▪ Dian-Idirghníomhaíocht |
| Measúnú | Próifíl, IEP agus Tréimhse Chleachtaidh | |
| Modúl a ceathair | Féin-bhainistíocht agus Iompraíocht | ▪ Traenáil i Scileanna Sóisialta<br>▪ Iomraíocht Dúshlánach<br>▪ Cúrsaí ar Anailís Iompraíochta Fheidhmeach Reatha<br>▪ Cuairt ar Rang (Foireann Comhairle STOS: Iompraíocht) |
| Measúnú | Athbhreithniú Litríochta | |
| Tréimhse Chleachtaidh | Eilimint bhunriachtanach is ea an tréimhse chleachtaidh a chríochnú don Teastas Iarchéime agus don Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird Speictrim Uathaigh) araon (Féach Cuid 3 den Imlitir) | |

***Teastas/Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird Speictrim Uathaigh) 2014-2015***

**Clár Iarchéime**

***Teastas Iarchéime***

| | |
|---|---|
| Modúl a haon<br>(Modúl Croíláir) | NSUanna a Thuiscint |

***Agus***

| | |
|---|---|
| Modúl a dó | Measúnú, Pleanáil, Feidhmiúcháin agus Rochtain Churaclaim |

***Nó***

| | |
|---|---|
| Módúl a trí | Modhanna Teagaisc |

***Dioplóma Iarchéime***

| | |
|---|---|
| Modúl a haon | NSUanna a Thuiscint |
| Modúl a dó | Measúnú, Pleanáil, Feidhmiúcháin agus Rochtain Churaclaim |
| Modúl a trí | Modhanna Teagaisc |
| Modúl a ceathair | Féin-bhainistíocht agus Iompraíocht |

Imlitir: Clár Teastais/Dioplóma Iarchéime um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach do Mhúinteoirí ag obair le Scoláirí le Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird Speictrim Uathaigh)

**COLÁISTE SAN AINGEAL, SLIGEACH**

## FOIRM IARRATAIS AR IONTRÁIL

**Líon an fhoirm seo, led thoil, agus seol ar ais í i dteannta leis an dtáille riaracháin de €25 chuig**
**Comhordaitheoir an Chláir**
**Teastas/Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSUanna),**
**Ionad um Riachtanais Speisialta Oideachais, Cuimsitheacht agus Éagsúlacht,**
**Coláiste San Aingeal,**
**Loch Gile,**
**Sligeach,**
**Ar nó roimh 5pm ar 28 Feabhra 2014.**

**Tá iarratas á dhéanamh chun páirt a ghlacadh i[2] *(cuir tic mar is cuí)*:**

**Teastas Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSUanna)** ☐

**Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSUanna)** ☐

[2] Tabhair faoi deara, led thoil, gur comhartha aidhme amháin é seo, chun eagraíocht agus riarachán a éascú. D'fhéadfadh iarratasóirí smaoineamh arís ar a roghanna pioctha de réir mar a bhíonn rochtain acu ar na modúil éagsúla.

1. **Sonraí Pearsanta**

AInm: ______________________ Scoil: ______________________

Seoladh Baile: ______________________ Seoladh Scoile: ______________________

______________________ ______________________

______________________ ______________________

______________________ ______________________

Fón Baile: ______________________ Uimhir Rolla na Scoile: ______________________

Fón Póca: ______________________ Fón Scoile: ______________ Facs: ______________

R-phost Pearsanta: ______________________ R-phost Scoile: ______________________

Uimhir Phárolla an Mhúinteora: ______________ Príomhoide: ______________________

Bliain an Phromhaidh/Bliain inar Críochnaíodh PQE: ______________________

2. **Sonraí Clárúcháin (mar atá ar Theastas Clárúcháin na Comhairle Múinteoireachta nó litir Dheimhnithe Clárúcháin)***

Uimhir Chláraithe an Mhúinteora ______________ Earnáil/Earnálacha Oideachais ______________________

An bhfuil Grinnfhiosrúchán reatha an Gharda Síochána agat? Tá ☐ Níl ☐

***Caithfidh** cóip de **Theastas Clárúcháin** nó **Litir Dheimhnithe Clárúcháin** a bheith in éineacht na foirme seo.

3. **Post Reatha Teagaisc**

**3 (a)** Cuir tic (√) le do thoil ar cé acu a thugann an tuairisc is fearr maidir le do Stádas Fostaíochta reatha:

Conradh tréimhse éiginnte (*CID*) ☐

Conradh ar Théarma Seasta ☐

Buan ☐

Eile, sonraigh le do thoil: ______________________________________________

Má tá tú fostaithe go Páirtaimseartha, cé mhéad uair an chloig atá tú fostaithe? ______________________

**3 (b)** Cuir tic (√) le do thoil ar cé acu a thugann an tuairisc is fearr maidir leis an bpost teagaisc a bheidh agat in 2014/2015:

***Bunscoil Phríomhshrutha***

- Múinteoir ranga atá ag múineadh líon suntasach scoláirí le NSUanna ☐
- Múinteoir Acmhainne do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, atá ag múineadh scoláirí le NSUanna faoi láthair ☐
- Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Teanga (*GAM/EAL*) atá ag múineadh scoláirí le NSUanna faoi láthair. ☐
- Múinteoir i rang speisialta do scoláirí le NSUanna ☐
- Múinteoir i rang speisialta do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, scoláirí le NSUanna ina measc. ☐
- Eile (sonraigh, led' thoil) ______________________________ ☐

***Iar-bhunscoil Phríomhshrutha***

- Múinteoir ábhair, áit a bhfuil fáil ag líon suntasach scoláirí le NSUanna ar réimse an ábhair (sonraigh an t-ábhar) __________________ ☐
- Múinteoir Acmhainne do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, atá ag múineadh scoláirí le NSUanna faoi láthair. ☐
- Múinteoir Tacaíochta Foghlama/Teanga, atá ag múineadh scoláirí le NSUanna faoi láthair. ☐
- Múinteoir i rang speisialta do scoláirí le NSUanna. ☐
- Múinteoir i rang speisialta do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais, lena n-áirítear scoláirí le NSUanna ☐
- Eile (sonraigh, led' thoil) ______________________________ ☐

***Scoil Speisialta***

- Múinteoir ranga ag múineadh scoláirí le riachtanais speiaialta oideachais, scoláirí le NSUanna ina measc ☐
- Múinteoir ranga ag múineadh scoláirí le NSUanna ☐
- Múinteoir ábhair, áit a bhfuil fáil ag scoláirí le NSUanna ar réimse an ábhair. ☐
(sonraigh an t-ábhar) ___________________
- Príomhoide Scoile Speisialta áit a bhfuil ról teagaisc ag an bPríomhoide agus a bhfuil scoláirí le NSUanna aige/aici ina rang ☐
- Eile (Sonraigh le do thoil) ______________________________ ☐

Sonraigh líon na scoláirí le NSUanna atá á múineadh agat sa scoil nó a bheidh á múineadh agat ar feadh thréimhse an Chláir: ___________

Sonraigh líon na scoláirí le riachtanais speisialta oideachais (seachas NSUanna) atá á múineadh agat sa scoil faoi láthair nó a bheidh á múineadh agat ar feadh thréimhse an Chláir: _________________

**3 (c)** Sonraigh le do thoil:

- Líon iomlán na mblianta atá tú ag teagasc ________________________________________
- Líon na mblianta atá tú ag teagasc sa scoil ina bhfuil tú faoi láthair ____________________________
- Líon na mblianta atá tú ag teagasc scoláirí le NSUanna ______________________________________
- Cathain a ceapadh tú le haghaidh do phoist reatha ________________________________________
- Dáta bunaithe an phoist seo ________________________________________

**3 (d)** Tabhair tuairisc ghairid ar na scoláirí lena bhfuil tú ag obair faoi láthair le do thoil, agus sonraigh na catagóirí riachtanais speisialta oideachais:

______________________________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________________________

______________________________________________________________________________________________

**3 (e)** Do Mhúinteoirí Iar-bhunscoile príomhshrutha amháin:

- Luaigh líon na n-uaireanta tacaíochta foghlama/acmhainne a leithdháiltear ort ar an iomlán _________
- Luaigh líon na n-uaireanta a chaitear ag tacú le scoláirí le NSUanna ________________
- Luaigh an t-ábhar (na hábhair) atá á m(h)úineadh agat freisin____________________________

  ________________________________________________________________________________

**3 (f)** Don scoilbhliain 2014/2015, cé mhéad uair an chloig in aghaidh na seachtaine a bheidh ar an gclár ama agat do na réimsí oibre seo a leanas:

Rang Speisialta: _____________________ Obair Cúlúcháin: ________________________

Teagasc Foirne: _____________________

Comhairliúchán le Comhghleacaithe/Tuismitheoir/Daoine Eile (sonraigh le do thoil): __________________

Eile (sonraigh le do thoil): ________________________

**Deimhnigh le do Phríomhoide, le do thoil, go bhfuil tú, nó go mbeidh tú ag obair le scoláirí le NSUanna, ar feadh thréimhse an Chláir.**

**Tá sé deimhnithe le mo Phríomhoide gur mar seo a bheidh sé:** **Tá:** ☐ **Níl:** ☐

## 4. Scoil Phríomhshrutha Amháin: Raon Seirbhísí Tacaíochta

**4 (a)** Seachas do phost féin, sonraigh raon na seirbhísí tacaíochta atá ar fáil i do scoil faoi láthair le do thoil (luaigh an líon)

| | |
|---|---|
| Múinteoirí Tacaíochta Foghlama/Teanga: | |
| Múinteoirí Acmhainne do scoláirí le riachtanais speisialta oideachais | |
| Múinteoirí Ranga Speisialta | |
| Eile (sonraigh le do thoil)______________________________________ | |

**4 (b)** Ar fhreastail tú roimhe seo ar chúrsa (cúrsa gearrthéarma/Iarchéime) a bhaineann le hoideachas speisialta?

D’fhreastail ☐ Níor fhreastail ☐

| Topaic | Dáta | Tréimhse ama | Ionad |
|---|---|---|---|
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

## 5. Taithí Teagaisc Roimhe seo

**5 (a)** Líon na mblianta ag teagasc i ranganna príomhshrutha: ____________________________________

| Ainm agus Seoladh na Scoile(anna): | Dátaí: |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

**5 (b)** Sular thosaigh tú i do phost teagaisc reatha, sonraigh líon na mblianta i scoileanna speisialta/ranganna speisialta/teagasc acmhainne/tacaíochta foghlama, le do thoil: ___________________________

| Ainm agus Seoladh na Scoile(anna):<br>(Sonraigh an ról teagaisc le do thoil): | Dátaí: |
|---|---|
| | |
| | |
| | |
| | |

**5 (c)** Aon taithí chuí eile i suíomhanna oideachais:

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________

**6. <u>Cáilíochtaí gairmiúla nó cáilíochtaí eile</u>**

| Coláiste, Ollscoil nó Foras Cáiliúcháin eile | Dátaí freastail agus cibé lánaimseartha nó páirtaimseartha | Céim nó Cáilíochtaí eile a fuarthas nó atá le fáil | Grád/ Aicme (más ann) | Ábha(i)r | Dáta na Dámhachtana |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

**7. <u>Forbairt Ghairmiúil Roimhe seo</u>**

**(e.g. Ionduchtú, STOS, FGL eile). Féach ar liosta na gcúrsaí freisin le do thoil, mar atá in Aguisín A, ar freastalaíodh orthu roimhe seo.**

| Ainm & Dátaí an Chúrsa Forbartha Gairmiúla | Tréimhse ama | Grád/ Aicme (Más ann) | Ábha(i)r | An Bhliain a Críochnaíodh an Cúrsa Forbartha Gairmiúla | An Foras Creidiúnúcháin |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |

8. **Eolas Breise**

**8 (a)** An ndearna tú iarratas roimhe seo don Chlár Forbartha Gairmiúla um Chlár Teastais/Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird Speictrim Uathaigh)? Rinne ☐ Ní dhearna ☐

Má rinne tú iarratas, cén bhliain ina rinne tú iarratas?

________________________________________

**8 (b)** Luaigh an chúis / na cúiseanna atá agat le háit a lorg ar an gclár forbartha gairmiúla leanúnaí seo le do thoil

__________________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

**8 (c)** Luaigh aon eolas eile a mheasann tú a chuideodh le measúnú á dhéanamh ar d'iarratas don Chlár seo

__________________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

__________________________________________________________

**9. Ainm, seoladh agus uimhreacha rolla na scoileanna uile ina bhfuil tú ag teagasc, mar is cuí**

| Ainm na Scoile | Seoladh na Scoile | Uimhir Rolla na Scoile |
| --- | --- | --- |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |
| | | |

**Le bheith Comhlánaithe ag an Iarrthóir**

**10.** Léigh mé Imlitir 0002/2014 agus toilím na coinníollacha riachtanacha den rannpháirtíocht sa chlár a bhfuilim ag déanamh iarratais air a chomhlíonadh. Deimhním go bhfuil an fhaisnéis uile ar an bhfoirm seo i gceart agus má éiríonn liom a bheith ceaptha ar an gclár, glacaim mar chúram orm féin cloí le rialacha agus rialacháin uile Choláiste San Aingeal, Sligeach, agus na coinníollacha riachtanacha den chlár a chomhlíonadh.

Tuigim go bhfuil gá le fianaise ar ghrinnfhiosrúchán an Gharda Síochána a bheith curtha i gcrích le páirt a ghlacadh sa chúrsa.

**SÍNITHE:** ________________________ **DÁTA:** ____________________

## 11. Le Comhlánú ag Údaráis na Scoile

Ainmním _______________________________________ chun freastal ar an gclár iarchéime seo agus deimhním gur múinteoir cláraithe é an t-iarrthóir don chúrsa seo de réir alt 31 d'Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001.

Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis san fhoirm iarratais seo i gceart, agus má fhaigheann an múinteoir atá ainmnithe thuas áit ar an gClár Forbartha Gairmiúla Leanúnaí um Chlár Teastais/Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (Neamhoird Speictrim Uathaigh) do Mhúinteoirí - 2014/2015, go dtoilíonn an Bord Bainistíochta é/í a scaoileadh le freastal ar an gclár agus go gcomhlíonfar riachtanais an chúrsa mar atá leagtha amach in Imlitir 0002/2014.

**Dearbhaím go bhfuil, nó go mbeidh, an múinteoir thuasluaite ag obair le scoláirí le NSUanna feadh an Chláir, go gceadóidh a (h)ualach oibre dó/dí tairbhe iomlán a bhaint as an bhforbairt ghairmiúil leanúnach atá á tairiscint agus go mbeidh sé ag teacht leis na critéirí in Imlitir 0002/2014.**

**SÍNITHE:** ____________________________________________________ **DÁTA**: ________________
(Príomhoide)

**COMHSHÍNITHE:** ____________________________________________________ **DATE**: ________________
(Stiúrthóir/Bainisteoir/Príomhfheidhmeannach/Cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta)

**Seol ar ais an fhoirm seo comhlánaithe maraon leis an táille riaracháin €25 agus cóip de do Theastas Clárúcháin nó litir Dheimhnithe Clárúcháin ón gComhairle Mhúinteoireachta chuig**

**Comhordaitheoir an Chláir**
**Teastas/Dioplóma Iarchéime i Riachtanais Speisialta Oideachais (NSUanna),**
**Ionad um Riachtanais Speisialta Oideachais, Cuimsitheacht agus Éagsúlacht,**
**Coláiste San Aingeal,**
**Loch Gile,**
**Sligeach.**
**Ar nó roimh 5pm ar 28 Feabhra 2014.**

**Fón: (071) 9195550**

***Cosaint Sonraí***

*Pléifidh an Roinn Oideachais agus Scileanna leis na sonraí pearsanta uile ar an bhfoirm seo mar shonraí faoi rún agus bainfear úsáid astu chun na críche a bheidh beartaithe amháin. Ní dhéanfar an fhaisnéis a nochtadh ach amháin de réir mar atá ceadaithe ó thaobh dlí de nó chun na críche mar atá liostaithe ar chlárú na Roinne leis an gCoimisinéir um Chosaint Sonraí (CCS) - Tag 10764/A*

*Pléifidh Coláiste San Aingeal leis na sonraí pearsanta uile a chuireann tú ar fáil ar an bhfoirm seo mar shonraí faoi rún agus bainfear úsáid astu chun na críche a bheidh beartaithe amháin. Ní dhéanfar an fhaisnéis a nochtadh ach amháin de réir mar atá ceadaithe ó thaobh dlí de nó chun na críche mar atá liostaithe ar chlárú Choláiste San Aingeal leis an CCS.*

*Má tá an fhaisnéis a chuir tú ar fáil le húsáid chun críche seachas iad siúd atá leagtha amach ar chlárú na Roinne nó an Choláiste (is infheidhme) leis an CCS lorgófar do chead.*